



*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe
An Cathaoirleach*

26.2.2024

An tUasal Pascal Canfin,
Cathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht
Bia
An Bhruiséil

Ábhar: Tuairim ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar a fheabhsú i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán (COM) 2023/0783 – C9-0447/2023 – 2023/0455(COD))

A Uasail Canfin, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe tuairim a chur faoi bhráid an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2024, chinn an coiste tuairim a eisiúint i bhfoirm litreach.

Chinn an Choiste um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe, tar éis an vóta ar an tuairim an 19 Márta 2024 a iarraidh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú i bhfianaise ghlacadh na tuarascála uaidh ar an togra ón gCoimisiún i dtrácht.

Le dea-mhéin,

Norbert Lins

- **Prionsabal ginearálta**

Is díol sásaimh don Choiste AGRI an cur chuige ‘substaint amháin – measúnú guaise amháin’ chun úsáid níos fearr a bhaint as gníomhaireachtaí an Aontais agus comhlachtaí eolaíochta, agus chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint; iarrann sé go dtabharfaí aird ar leith ar fhorluí a laghdú idir creataí dlíthiúla, agus idir na cúraimí a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

- **Leibhéal an láraithe:**

Cuireann an Coiste AGRI in iúl nár cheart go mbeadh gníomhaireacht amháin freagrach as meastóireacht riosca a dhéanamh ar na ceimiceáin go léir mar thoradh ar athshannadh na hoibre. Ní mór freagrachtaí gach gníomhaireachta a leagan amach go soiléir sna rialacháin.

- **Saineolas**

Cuireann an Coiste AGRI i bhfios go láidir gur cheart athshannadh cúraimí a dhéanamh bunaithe ar an saineolas atá sna gníomhaireachtaí cheana féin lena áirithiú go dtairbhíonn an ghníomhaireacht a fhaigheann an cúram den saineolas is gá. Ba cheart a áirithiú go gcaomhnaítear an saineolas luachmhar a fhaigheann comhlachtaí atá ann cheana. Ba cheart an saineolas ar mheasúnú riosca faoi na rialacháin éagsúla a fhágáil leis na gníomhaireachtaí sin atá freagrach astu faoi láthair. Is gach gníomhaireacht aonair is fearr is féidir measúnuithe sonracha a stiúradh agus a dhéanamh mar gheall ar a saineolas fairsing in ábhair tháirgheonracha e.g. EFSA le haghaidh úsáid bia.

- **Acmhainní**

Áitíonn an Coiste AGRI nach mór na hacmhainní is gá a bheith ag gabháil leis na cúraimí nua ar na gníomhaireachtaí. Níor cheart a bheith ina thoradh ar athshannadh oibre nach bhféadfadh gníomhaireacht nó coiste an t-ualach oibre a bhainistiú agus go gcuirfí cáilíocht na hoibre i mbaol.

- **Cúraimí le hathshannadh**

Mhol an Coiste AGRI gur cheart do ECHA a bheith páirteach i measúnuithe guaise mar chuid den mheasúnú ar ábhar teagmhála bia, agus gur cheart do EFSA a bheith páirteach i measúnuithe riosca. Go deimhin, beidh sé riachtanach go mbeidh an t-athshannadh cúraimí seo in éineacht leis an gcuntasacht, leis an rúndacht, leis an trédhearcacht agus leis na hacmhainní is gá.

- **Measúnú tionchair**

Tacaíonn an coiste AGRI le measúnú tionchair a dhéanamh ar an tionscnamh ‘substaint amháin, measúnú amháin’ lena áirithiú go mbreithnítear go cuí ar na tionchair fhéideartha ar ghnólachtaí agus go mbíonn gnólachtaí páirteach ón tús i bhforbairt an tionscnaimh. Caithfidh cuideachtaí a bheith an-airdeallach chun a gcearta dlíthiúla a chosaint mar go mbíonn

iarmhairtí ag na tograí a breithníodh ar an bpróiseas cinnteoireachta. Go háirithe, ní mór measúnú iomlán a dhéanamh ar an togra lena n-éileofar ar chuideachtaí agus ar shaotharlanna fógra a thabhairt do ECHA faoi aon stáidéar a ndéantar chun críoch rialála chun a áirithiú nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha neamhbheartaithe ann ar chearta bunúsacha cuideachtaí agus saotharlann chun a ngnó a dhéanamh.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.